

# I Maryborough go dtí an Chathair

## Conair Iompair Inbhuanaithe

Comhairliúchán Poiblí, Márta 2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BUS CONNECTS CORCAIGH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.


JURYS
inn

# Clár Ábhar


**1. Réamhrá** **4**

1.1 Cad a tharla go dtí seo? 4
1.2 Cad is BusConnects ann? 4
1.3 Cé na tairbhí a ghabhann leis an tionscadal seo? 7
1.4 An téarmaíocht a thuiscint 8
1.5 A thuiscint conas a d'oibreodh Geata Bus 10
1.6 Léarscáil de gach ceann den 11 Chonair Iompair Inbhuanaithe 12

**2. Cur Síos ar an mBealach Roghnaithe** **14**

2.1 Forbhreathnú ar an gConair ó Bhaile na mBocht go dtí an Chathair 14
2.2 Cur Síos ar an mBealach 16
2.2.1 Timpeallán Chnoc Maryborough go hAcomhal Thimpeallán na Méire Eolais 16
2.2.2 Sráidbhaile Dhúglais 18
2.2.3 Bóthar Dhúglais 19
2.2.4 An Bóthar Theas go dtí an Chathair trí Bhóthar na hOtharlainne agus trí Shráid Anglesea 20
2.3 Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe Éiritheach a Foilsíodh 21
2.4 Eochairfhíricí 21

**3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** **22**

3.1 Ceisteanna ginearálta 22
3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt 22
3.3 Cad é an chéad chéim eile? 23
3.4 Amlíne Réamh-mheasta an Tionscadail 24

**4. Aguisíní** **26**

4.1 Léarscáil Innéacs 27
4.2 Léarscáileanna Bealaigh 28

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad a tharla go dtí seo?

Idir an 30 Meitheamh 2022 agus an 3 Deireadh Fómhair 2022, thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoin gcéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí ar na tograí tosaigh le haghaidh an 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe a bhí beartaithe faoi BusConnects Chorcaí. Le linn na céime comhairliúcháin sin, fuarthas trí mhíle aighneacht, beagnach, san iomlán.

Rinneadh na haighneachtaí uile a athbhreithniú agus a bhreithniú mar chuid den phróiseas leanúnach deartha le haghaidh gach conaire. De bhreis air sin, chuireamar sé Imeacht Faisnéise Poiblí agus cúig Fhóram Pobail ar siúl agus d'óstálamar a lán cruinnithe le thart ar chúig cinn is tríocha de ghrúpaí cónaitheoirí, de ghrúpaí gnó agus de ghrúpaí sainleasa eile.  Bunaithe ar na haighneachtaí a rinneadh agus ar na cruinnithe cuiditheacha leis na geallsealbhóirí éagsúla, leasaíomar na tograí tosaigh uainn chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas, lena n-áirítear moltaí le haghaidh réitigh mhalartacha a chur ar áireamh.

Tá na tograí leasaithe sin, ar a dtugtar Roghanna Bealaigh Roghnaithe, á bhfoilsiú againn anois don 11 Chonair Iompar Inbhuanaithe atá fágtha agus tá tús á chur againn le dara babhta comhairliúcháin phoiblí i ndáil leis na pleananna sin.

Tá an doiciméad seo ar cheann amháin de 11 leabhrán faisnéise, a bhfuil gach ceann díobh tiomnaithe do chonair ar leith. Tugtar cur síos i scríbhinn sa doiciméad ar an Rogha Bhealaigh Roghnaithe ó thús go deireadh agus tugtar léarscáileanna tacaíochta leis. Áirítear leis freisin faisnéis faoi aon leasuithe agus príomhathruithe a rinneadh ón mBealach Roghnaithe Éiritheach tosaigh.

Is ar fáil lena léamh agus lena n-íoslódáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.busconnects.ie fós atá na bróisiúir bhunaidh ina mionsonraítear gach ceann de na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha, a foilsíodh anuraidh. Cuimsítear sna bróisiúir sin faisnéis faoin bpróiseas le haghaidh úinéirí réadmhaoine a mbeidh tionchar orthu, amlínte an tionscadail agus na céimeanna a éilítear le haghaidh iarratas reachtúil pleanála.

## 1.2 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais um fheabhas a chur ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i gCorcaigh agus i gcathracha eile. Tá sé ar áireamh sna beartais náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030;
- Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí 2040; agus
- An Plean Gnímh don Aeráid 2023.

Bíonn Corcaigh ag fás agus teastaíonn uaithi gréasán ar féidir leis freastal ar chathair i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects Chorcaí ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht. Tá BusConnects Chorcaí deartha chun seirbhís bus a bheidh níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtúla a sholáthar do chách, de bhreis ar shaoráidí sábháilte rothaíochta a sholáthar feadh príomhbhealaí.


National Development Plan 2021-2030


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
CLIMATE ACTION PLAN 2023
CAP23
Changing Ireland for the Better


SYSTRA
Jacobs
CORK METROPOLITAN AREA
TRANSPORT STRATEGY 2040



## BusConnects Chorcaí: Ar Sracfhéachaint

**91km de lánaí bus nua/de thosaíocht bus,**
rud a fhágfaidh go mbeidh turais níos tapa agus níos iontaofa

**96km de shaoráidí rothaíochta**
(i dtreo amháin),
ag soláthar48 km den ghréasán rothaíochta

**An gréasán bus a athdhearadh**

**Córas ticéadaithe úrscothach**

**Córas íocaíochta gan airgead tirim**

**Struchtúr táillí níos simplí**

**Láithreacha nua Páirceála**
agus Taistil ag príomhláithreacha

Aistriú chuig flít
**nua busanna astaíochtaí nialasacha**

**Stadanna agus scáthláin nua bus**
- a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu

## 1.3 Cé na tairbhí a ghabhann leis an tionscadal seo?

### Turais níos gasta agus níos iontaofa

trí bhusanna a bhaint den phlódú tráchta, cuirtear feabhas ollmhór ar phoncúlacht agus iontaofacht an chórais bus. Bíonn turais níos gasta agus, rud ba thábhachtaí fós, bíonn amanna teachta níos comhsheasmhaí agus níos fónta.

### Cathair inbhuanaithe a thógáil agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide

tosaíocht de chuid na hÉireann is ea dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide, agus príomh-chomhpháirt den réiteach is ea níos mó daoine a aistriú chuig an iompar poiblí. Sa Phlean Gnímh don Aeráid 2023 ar fhoilsigh an Rialtas é le déanaí, socraítear spriocanna dúshlánacha le haghaidh an taisteal d'iompar poiblí agus de rothar a mhéadú agus le haghaidh an gá le turais de charr a laghdú.

### Sprioc Chorcaí go mbeadh sí neodrach ó thaobh carbóin de

roghnaigh an Coimisiún Eorpach Corcaigh chun a bheith ar cheann de na chéad chathracha san Eoraip a bheadh neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2030 faoi Chlár Cathracha Aeráidneodracha Cliste an Aontais Eorpaigh. Trí chur ar chumas níos mó daoine taisteal d'iompar poiblí, de rothar agus de shiúl na gcos, beidh forbairt agus soláthar BusConnects Chorcaí mar chuid bhunriachtanach den uaillmhian cathrach aeráidneodraí sin a bhaint amach..

### Inrochtaineacht do chách

trí níos mó scáthlán bus, agus suíochánra ag gabháil leo nuair is féidir, cosáin nua agus faisnéis níos fearr ag stadanna bus a bheith ann, beidh sé níos fusa do chách, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine a bhfuil mallachar soghluaisteachta orthu, an flít bus lán-inrochtana a úsáid.

### Saoráidí rothaíochta níos fearr

Mar gheall ar an tionscadal seo, soláthrófar saoráidí rothaíochta a theastaíonn go géar timpeall réigiún na cathrach, agus breis agus 96km de shaoráidí rothaíochta ar ardchaighdeán soláthartha. Le saoráidí leithscartha rothaíochta feadh phríomhchonairí na cathrach, beidh an rothaíocht ina fíor-rogha inbhuanaithe eile don phobal. Rachaidh an bonneagar nua rothaíochta chun fíorthairbhe don phobal, don ghnó, don turasóireacht, don oideachas agus don mhiondíol.

### Coisithe agus an Ríocht Uirbeach

déanfar feabhsuithe agus breisithe ar chosáin, siúlbhealaí agus trasrianta coisithe feadh gach bealaigh. De bhreis air sin, déanfar infheistíocht i bhfeabhsuithe áitiúla ar an ríocht uirbeach ag príomhláithreacha, áit a soláthrófar tuilleadh tírdhreachaithe, tuilleadh cóireálacha cosáin agus tuilleadh saoráidí amuigh faoin spéir.

# 1.4 An téarmaíocht a thuiscint

## 1. Conair Iompair Inbhuanaithe: :

Part of the overall BusConnects Programme is Cuid de Chlár foriomlán BusConnects is ea 11 Chonair Iompair Inbhuanaithe a chruthú feadh bealaí atá ann cheana ar fud Chathair Chorcaí, agus iad ina léiriú ar phríomhbhealaí bus agus rothaíochta. Is é an toradh a bheidh ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe sin a fhorbairt ná go gcumasófar gluaiseacht éifeachtúil bus feadh na mbealaí sin, mar aon le saoráidí sábháilte leithscartha rothaíochta a sholáthar, nuair is féidir, de bhreis ar fhreastal ar ghluaiseacht an tráchta ghinearálta.

Ar na socruithe beartaithe tá busanna a bhaint den phlódú tráchta trí lánaí leithleacha bus a fhorbairt feadh na mbealaí sin nó trí shocruithe comharthaíochta tráchta a úsáid thar fhaid ghearra. De rogha air sin, laghdófaí leibhéil tráchta ghinearálta tríd an tréthrácht a shrianadh ach úsáid a bhaint as geataí bus (a thuairiscítear níos déanaí), rud a fhágfaidh nach gcuirfidh plódú tráchta moill ar bhusanna a thuilleadh.

## 2. Raonta Leithscartha Rothar:

Is é is raon leithscartha rothar ann ná cuid leithleach den bhóthar atá tiomnaithe don rothaíocht amháin. Is gnách go mbíonn an spás sin leithlisithe ón trácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. In áiteanna nach féidir go fisiciúil lánaí/raonta leithscartha rothar a sholáthar iontu, beidh an rogha ann bóithre ciúine agus rothaíocht chomhroinnte ar bhóithre luais laghdaithe a thabhairt isteach do rothaithe.

## 3. An Bealach Roghnaithe Éiritheach:

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair sracphleananna le haghaidh gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil i mí an Mheithimh 2022. Tugadh na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha ar na roghanna chun an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach táscach na mbóithre nuair a bheadh an bonneagar riachtanach i bhfeidhm, ag an gcéim sin den phróiseas deartha. Áirítear leo léirithe ar thionchar féideartha ar gharraithe agus ar limistéir eile thalún, mar aon le hathruithe féideartha ar an dóigh a n-oibreodh an trácht chun freastal ar thosaíocht bus.




## 4. An Rogha Bhealaigh Roghnaithe:

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí ón bpobal maidir leis na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha, rinneadh tograí na gConairí Iompair Inbhuanaithe a athbhreithniú agus a leasú. Táthar ag tabhairt 'Rogha Bhealaigh Roghnaithe' anois ar gach ceann de na tograí leasaithe sin, agus cuirfear iad faoi dhara babhta comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil.

Ní hiad sin tograí críochnúla na scéime toisc go gcuirfear iad faoi thuilleadh breithniúcháin ar an aiseolas ón dara babhta comhairliúcháin phoiblí agus, chomh maith leis sin, toisc go gcuirfear iad faoi scrúdú ina dhiaidh sin i gcomhthéacs na measúnachta tionchair timpeallachta.

## 5. Geata Bus:

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn uaireanta oibre an Gheata Bus. Éascaíonn sé tosaíocht bus toisc go mbaintear an tréthrácht ginearálta feadh an bhóthair fhoriomláin a bhfuil an geata bus lonnaithe air. Úsáidtear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú dul ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach. Mionsonraítear i Rannán 1.5 conas a d'oibreodh Geata Bus.

## 6. Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí:

Baintear úsáid le Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí as comharthaí tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna leanúint ar aghaidh roimh an trácht eile in áiteanna ina bhfuil an t-aon lána amháin á úsáid ag busanna agus ag an trácht araon. Ní bhíonn sé éifeachtach ach ar feadh faid ghearra, áfach. Tagann an socrú sin chun cinn de ghnáth in áiteanna nach féidir leanúint le lána bus iontu de bharr baic ar an mbóthar. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge toisc gurb ann d'fhoirgnimh nó struchtúir lena gcuirtear cosc ar an mbóthar a leathnú ar mhaithe le spás a sholáthar do lána bus.



1. Leanann an trácht ar aghaidh mar is gnách.



2. De réir mar a thagann an bus i bhfoisceacht, athraíonn an comhartha solais chun an trácht ginearálta a stopadh.



3. Tá tosaíocht ag an mbus leanúint ar aghaidh.



4. Tar éis don bhus dul tríd an acomhal, leanann an trácht ginearálta ar aghaidh.

Oibríonn Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha tráchta (ag acomhail de ghnáth), áit nach mór don lána bus agus don lána tráchta ghinearálta cumasc ar aghaidh agus an spás bóthair a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go n-atosóidh an lána bus níos faide anonn. Stopfar an trácht ginearálta ag an gcomhartha tráchta chun cead a thabhairt don bhus dul tríd an gcuid chúng ar dtús. Tar éis don bhus dul tríd, ceadófar don trácht ginearálta dul trí na soilse ansin.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a bhfuil mar chuspóir leis coisithe agus rothaithe a chumasú an bóthar a thrasnú trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha a bhfuil dearadh cuspóireach acu.

## 8. Socraíocht Sráide Ciúine:

In áiteanna nach féidir freastal ar rothaithe agus ar shaoráidí bus araon iontu de bharr leithid bhóthair feadh Conair Iompair Inbhuanaithe, fiosraíodh naisc mhalartacha rothaíochta feadh bealaí in aice láimhe. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin.

Tugtar Sráideanna Ciúine orthu de bharr an mhéid ísil tráchta ghinearálta atá orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach don bhóthar a bheith á chomhroinnt ag rothaithe agus ag an trácht ginearálta, gan aon ghá a bheith ann le raonta leithscartha rothar ná lánaí péinteáilte rothar a chur le chéile. Is é a bheadh i gceist leis an tsocraíocht Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí d'úsáideoirí ginearálta bóithre agus do rothaithe araon.

## 9.An Ríocht Uirbeach:

Is é is an ríocht uirbeach ann ná na gnáthspásanna sráide a n-úsáideann daoine iad chun trasnú, siopadóireacht a dhéanamh, sóisialú agus súgradh agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht nó dul chun na hoibre nó amach aisti. Cuimsítear sa ríocht uirbeach na sráideanna, na cearnóga, na hacomhail agus na cearta slí eile uile, bíodh siad i mbun úsáide cónaithe, úsáide tráchtála nó úsáide sibhialta. In áiteanna ina bhfuil an Ríocht Uirbeach dea-dheartha agus leagtha amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sí feabhas ar ghnáthshaol laethúil na gcónaitheoirí agus na ndaoine sin atá ag taisteal tríthi. Baineann sí de ghnáth leis na codanna amuigh faoin spéir den timpeallacht tógtha a bhfuil saor-rochtain ag an bpobal orthu. D'áireofaí léi suíochánra, crainn, cur plandaí agus gnéithe eile chun feabhas a chur ar an eispéireas do gach duine.

## 1.5 A thuiscint conas a d'oibreodh Geata Bus

De réir mar a léann tú na bróisiúir agus a scrúdaíonn tú na mionsonraí sna tograí uainn maidir le Roghanna Bealaigh Roghnaithe, feicfidh tú go bhfuil sé beartaithe againn Geataí Bus a úsáid chun an feabhsú inmhianaithe in iontaofacht bus a sholáthar ag láithreacha éagsúla ar fud na cathrach.




Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn uaireanta oibre an Gheata Bus. Éascaíonn sé tosaíocht bus toisc go mbaintear an tréthrácht ginearálta feadh an bhóthair fhoriomláin a bhfuil an geata bus lonnaithe air. Úsáidtear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú dul ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.

Mar chuid de thionscadal BusConnects Chorcaí, tá Geataí Bus aontreo agus dhá threo á mbreithniú faoi láthair ag láithreacha éagsúla feadh na gConairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe.

### An mbeidh Geataí Bus i mbun oibre 24 huaire an chloig sa lá?

Tá Geataí Bus 24 huaire an chloig ina rogha i limistéir ina meastar go bhfuil gá leo. Sa chuid is mó de chásanna, áfach, níl aon ghá ann le Geataí Bus 24 huaire an chloig agus is féidir Geataí Bus a uainiú chun nach n-oibríonn siad ach amháin le linn buaicthréimhsí tráchta ina bhfuil an plódú tráchta is suntasaí.

### An mbeidh bonneagar fisiciúil ann ag an nGeata Bus?

Níl i nGeata Bus go bunúsach ach marcanna ar an mbóthar lena línítear cá háit a dtosaíonn agus a gcríochnaíonn cuid ghearr de lána bus.



# LÁNA BUS

Cuirfear comhartha eolais suas chun a chur in iúl do thiománaithe nach bhfuil rochtain ar an gcuid sin den bhóthar ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn a uaireanta oibríochtúla. Tabharfar mionsonraí faoi na huaireanta oibríochtúla ar chomhartha eolais ag an dá thaobh den lána bus.

## Cad a tharlóidh má táim ag tiomáint i dtreo Geata Bus le linn na n-uaireanta oibre?

Cuirfear comharthaíocht leordhóthanach suas feadh an bhealaigh chun an trácht ginearálta a atreorú amach ón ngeata bus sula sroicheann sé an geata bus.

## Cén difear a dhéanfaidh an Geata Bus do chónaitheoirí a chónaíonn ina aice agus ar mian leo a gcarr príobháideach a úsáid?

Mar atá tuairiscithe thuas, níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn na n-uaireanta oibre. Fágann sé sin gur féidir go mbeidh ar chónaitheoirí a chónaíonn in aice Geata Bus, ag brath ar threo an turais, roghanna bealaigh malartacha a lorg, cosúil le tiománaithe eile. Ní bheidh feidhm ag na srianta Geata Bus ach amháin maidir leis an gcuid ghearr de bhóthar a léirítear go soiléir le marcanna bóthair agus le cuaillí eolais. Le linn uaireanta oibríochtúla, beidh sé indéanta fós an bóthar a rochtain lastall den Gheata Bus i gcarr príobháideach, a luaithe a úsáideann tú roghanna bealaigh malartacha.



# 1.6 Léarscáil de gach ceann den 11 Chonair Iompair Inbhuanaithe

- (A) Dún Citil go dtí an Chathair
- (B) Baile na mBocht go dtí an Chathair
- (C) An Linn Dubh go dtí an Chathair
- (D) Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- (E) Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- (F) Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- (G) An Tóchar go dtí an Chathair
- (H) Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- (I) Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- (J) Machain go dtí an Chathair
- (K) Bóthar Chionn tSáile go Dúglas

Conair Iompair Inbhuanaithe

Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
TEAMHAIR
CLOCH REO
N20
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
GLEANN MAGHA
R639
FEARANN
BAILE NA MBOCHT
AN LINN DUBH
CNOC NA HAOINE
PÁIRC NA HEAGLAISE
CNOC AN CHUILINN
LÁR NA CATHRACH
MONTENOTTE
N8
AN SEANDÚN
GARRÁN NA MBRÁTHAR
DEARGMHOIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
CARRAIG RUACHÁIN
N22
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
AN SRÁIDBHAILE THIAR
AN CNOCÁN GLAS
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
BAILE AN CHOLLAIGH
AN LOCH
BAILE AN LOCHA
BAILE FÉITHEAN
WILTON
N27
N40
DÚGLAS
BAILE AN EASPAIG
AN TÓCHAR
ARD AN RÓISTIGH
BAILE AN RÓISTIGH
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
MARYBOROUGH
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
N28
N71
MUINE GUAIRNE
Lee Road
Carrigrohane
Model Farm Rd
Maglin
Curraheen
Waterfall
S Ring Rd
Grange Rd
Rochestown Rd
Maryborough Hill
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K

# 2. Cur Síos ar an Rogha Bhealaigh Roghnaithe

## 2.1 Forbhreathnú ar an gConair ó Chnoc Maryborough go dtí an Chathair

Pointe tosaithe na Conaire Iompair Inbhuanaithe ó Chnoc Maryborough go dtí an Chathair (Conair Iompair Inbhuanaithe I) is ea láthair in aice le barr Chnoc Maryborough ag an timpeallán atá ann cheana a nascann le Bóthar Mhuine Guairne/Bóthar an Gharraí Dhuibh. Tá sé beartaithe raonta leithscartha rothar a sholáthar sa dá threo ón timpeallán sin go Timpeallán na Méire Eolais, rud atá beartaithe le tiontú ina acomhal soilsithe. Tá sé beartaithe go dtosóidh lána bus isteach (i dtreo na cathrach) ag láthair atá 100 m ó dheas ón acomhal idir Cnoc Maryborough agus Eastát Elden agus go rachaidh sé ar aghaidh ó thuaidh chomh fada le Bóthar an Ghleanntáin Ghlais. Tá é beartaithe briseadh sa lána bus a sholáthar ansin idir an t-acomhal le Bóthar an Ghleanntáin Ghlais agus na Peadaic. D'atosófaí an lána bus ansin go hAcomhal Thimpeallán na Méire Eolais, ar acomhal soilsithe beartaithe é.  Rachaidh na saoráidí bus agus rothaíochta atá beartaithe ar aghaidh go Sráidbhaile Dhúglais trí Shráid Dhúglais Thoir. Tá sé beartaithe trácht a theorannú do rochtain áitiúil amháin ar Shráid Dhúglais Thoir trí dhá gheata bus a thabhairt isteach. Laghdóidh sé sin moilleanna do bhusanna agus soláthróidh sé bealach sábháilte do rothaithe gan aon ghá le bóithre a leathnú.

Leanann an bealach bus agus an rotharbhealach ar aghaidh ar Bhóthar Dhúglais (R610), áit a bhfuil sé beartaithe tosaíocht bus agus raonta leithscartha rothar a sholáthar sa dá threo. Chun é sin a éascú, bhainfí úsáid as geataí bus ag buaic-amanna chun trácht ar an mbóthar a theorannú do rochtain áitiúil, do bhusanna agus do rothaithe amháin. Ag an acomhal idir Bóthar Dhúglais agus an Bóthar Theas, leanfaidh an bealach bus ar aghaidh ar an mBóthar Theas. Taistealóidh rothaithe ar bhealach ciúinsráide ar an tSráid Ard agus ar Rae Langford sula gcumascfaidh siad an athuair leis an mbealach bus atá beartaithe ag an gceann thuaidh den Bhóthar Theas.

Leanfaidh an bealach bus agus an rotharbhealach ar aghaidh ar Bhóthar na hOtharlainne agus ar Shráid Anglesea. Ag an acomhal le Seanbhóthar an Stáisiúin, casfaidh an bealach bus atá beartaithe soir ar Sheanbhóthar an Stáisiúin agus rachaidh sé isteach i gConair Iompair Inbhuanaithe H (An tAerfort go dtí an Chathair), ar conair chóngarach í.  Ceanglóidh an rotharbhealach atá beartaithe isteach sa bhonneagar atá ann cheana ar Shráid Anglesea ansin.

Sna míreanna seo a leanas, déanfar cur síos níos mine ar gach cuid de Chonair Iompair Inbhuanaithe I, agus sainaithint á déanamh ar na bearta atá beartaithe chun go dtabharfar tús áite don iompar inbhuanaithe.



## 2.2 Tuairisc ar an mBealach

### 2.2.1 Timpeallán Chnoc Maryborough go hAcomhal Thimpeallán na Méire Eolais

Tá sé beartaithe raonta leithscartha rothar a sholáthar sa dá threo feadh Chnoc Maryborough ar fad go hacomhal Thimpeallán na Méire Eolais. Tá sé beartaithe go dtosóidh lána bus isteach (i dtreo na cathrach) ag láthair atá 100 m ó dheas ón acomhal idir Cnoc Maryborough agus Eastát Elden agus go rachaidh sé ar aghaidh ó thuaidh chomh fada le Bóthar an Ghleanntáin Ghlais. Tá é beartaithe briseadh sa lána bus a sholáthar ansin idir an t-acomhal le Bóthar an Ghleanntáin Ghlais agus na Peadaic sula n-atosófaí an lána bus ansin go hAcomhal Thimpeallán na Méire Eolais, ar acomhal soilsithe beartaithe é. Fágfaidh sé sin go mbeidh tosaíocht ag busanna ar aon trácht atá ag ciúáil ar an mbealach i dtreo gach acomhail shoilsithe. Ní sholáthrófar aon lána bus amach (ón gcathair) feadh na coda seo toisc nach bhfuiltear ag súil le haon mhoilleanna suntasacha do bhusanna agus iad ag taisteal ó dheas ar Chnoc Maryborough.

Beidh sé riachtanach bóithre a leathnú i roinnt láithreacha feadh Chnoc Maryborough. Is dóigh go ndéanfaidh sé sin difear do roinnt gairdíní príobháideacha. Tá Timpeallán na Méire Eolais le tiontú ina acomhal soilsithe chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun saoráidí trasnaithe a fheabhsú do choisithe agus do rothaithe.

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neasláithreacha seo a leanas:

- Tailte ar Chnoc Maryborough.

Léirítear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar na líníochtaí a chuirtear ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Cnoc Maryborough | Dhá stad nua bus a sholáthar.<br>Dhá thrasrian thúcánacha shoilsithe nua chun rochtain éasca ar stadanna bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú do choisithe. |
| Cnoc Maryborough | Raonta leanúnacha leithscartha rothar ar an dá thaobh den bhóthar. |
| Timpeallán na Méire Eolais | An t-acomhal a thiontú ina acomhal soilsithe chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. Trasrianta soilsithe do choisithe a sholáthar ar gach géag den acomhal. |

## 2.2.2 Sráidbhaile Dhúglais

Tá sé beartaithe Sráid Dhúglais Thoir a theorannú do rochtain áitiúil amháin i gcás tráchta ghinearálta. Chun é sin a éascú, déanfar bealach do bhusanna agus do rothaithe amháin den cheann theas de Shráid Dhúglais Thoir (áit a dtagann an tsráid le chéile le hAcomhal na Méire Eolais). Déanfar bealach do bhusanna agus do rothaithe amháin de Shráid na hEaglaise freisin, áit a dtagann sí le chéile le Sráid Dhúglais Thoir. Beidh trácht ginearálta in ann an sráidbhaile a rochtain go fóill trí Bhóthar Charraig Uí Leighin (a thiontófar ina bhealach dhá threo) nó trí Bhóthar Faoisimh Dhúglais agus trí Shráidbhaile Dhúglais Thoir. Bainfidh tréthrácht ó thuaidh úsáid as Bóthar Faoisimh Dhúglais ina ionad sin. Fágfaidh sé sin go mbeidh coisithe, rothaithe agus busanna in ann Sráid Dhúglais Thoir a úsáid mar chiúinbhealach gan aon ghá le bóithre a leathnú. Déanfar oibreacha feabhsúcháin sráidbhaile amhail comhfhorbairt áite, tírdhreachú agus feabhsuithe soghluaisteachta le linn Conair Iompair Inbhuanaithe I a thógáil. Tá an t-acomhal soilsithe ag an gceann thuaidh de Shráid Dhúglais Thoir le huasghrádú chun tosaíocht a thabhairt do choisithe, do rothaithe agus do bhusanna.

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neasláithreacha seo a leanas:

- Tailte ar Shráid Dhúglais Thoir.

Léirítear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar na líníochtaí a chuirtear ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

### Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Sráid Dhúglais Thoir | Oibreacha feabhsúcháin sráidbhaile amhail comhfhorbairt áite, tírdhreachú agus feabhsuithe soghluaisteachta.<br>Soláthróidh timpeallacht ina mbeidh moilliú tráchta i bhfeidhm timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí do choisithe agus do rothaithe.<br>Stad nua bus amháin agus trasrian síogach nua amháin chun rochtain éasca ar stadanna bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú do choisithe.<br>Cosáin níos leithne ar an dá thaobh, ar cosáin leanúnacha iad a rithfidh feadh bealaí isteach agus bealaí rochtana. |

## 2.2.3 Bóthar Dhúglais

Tá sé beartaithe tosaíocht bus agus raonta leithscartha rothar a sholáthar feadh Bhóthar Dhúglais ar fad. Chun é sin a bhaint amach, tá sé beartaithe trácht ar Bhóthar Dhúglais sa dá threo a theorannú do rochtain áitiúil amháin le linn buaic-uaireanta trí gheataí bus a thabhairt isteach. Cé go gceadófar do thrácht taisteal suas síos formhór na gcodanna den bhóthar go fóill, ní cheadófar do thrácht ginearálta dul trí na geataí bus le linn buaic-uaireanta. Mar sin, ní bheifear in ann an bóthar a úsáid mar thrébhealach le linn na n-amanna sin. Beidh trácht atá ag taisteal idir Lár Cathrach Chorcaí agus limistéar Dhúglais/Maryborough in ann bealach malartach a úsáid ar Bhóthar an N40 agus ar Bhóthar an N27 ina ionad sin. Laghdóidh sé sin moilleanna do bhusanna gan aon ghá le lánaí tiomnaithe bus a sholáthar.

Tá sé beartaithe geata bus (cuid ghearr de bhóthar atá teoranta do bhusanna agus do rothaithe amháin) do thrácht atá ag dul i dtreo na cathrach a sholáthar ar Bhóthar Dhúglais ag an acomhal le Bóthar an Tobair agus oibreoidh sé le linn bhuaic-uaireanta na maidine. Tá sé beartaithe an geata bus do thrácht amach a sholáthar pas beag soir ón mbealach isteach chuig Ospidéal Fhionnbharra, agus oibreoidh sé le linn bhuaic-uaireanta an tráthnóna. Lasmuigh de na buaic-uaireanta sin, beidh an trácht in ann taisteal suas síos Bóthar Dhúglais mar is gnách.

Cé go laghdóidh sé sin an tionchar a bheidh ag leathnú bóithre feadh an bhealaigh, beidh sé riachtanach talamh ó thógáil ó ghairdíní príobháideacha feadh Bhóthar Dhúglais go fóill chun go mbeifear in ann bonneagar leithscartha rothaíochta agus cosáin leanúnacha a sholáthar.

Tá sé beartaithe freisin roinnt trasrianta túcánacha a sholáthar ar Bhóthar Dhúglais. .

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neasláithreacha seo a leanas:

- Tailte ar Bhóthar Dhúglais.

Léirítear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar na líníochtaí a chuirtear ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

### Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar Dhúglais | Láithreacha stadanna bus agus trasrianta coisithe a chuíchóiriú chun rochtain éasca ar stadanna bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú do choisithe.<br>Cosáin leanúnacha atá 1.5 m ar leithead ar a laghad a sholáthar ar an dá thaobh den bhóthar. Cosán 400 m a sholáthar ó Wrightville Dental Clinic go Páirc Woolhara ar an taobh theas den bhóthar, áit nach bhfuil aon chosán faoi láthair.<br>Raonta leanúnacha leithscartha rothar ar an dá thaobh den bhóthar. |

## 2.2.4 An Bóthar Theas go dtí an Chathair trí Bhóthar na hOtharlainne agus trí Shráid Anglesea

Tá an Bóthar Theas faoi shrian fisiciúil, áit a bhfuil foirgnimh suite i ngar don bhóthar. Mar sin, ní féidir bonneagar leithscartha bus nó rothaíochta a sholáthar agus tréthrácht a chothabháil sa dá threo ag an am céanna. Cinnteoidh geataí bus ar Bhóthar Dhúglais nach mbeidh an Bóthar Theas á úsáid mar thrébhealach le linn buaic-uaireanta agus tabharfaidh siad tosaíocht do bhusanna.

Mar gheall ar na srianta ar an mBóthar Theas, ní sholáthrófar saoráidí do rothaithe ach amháin sa treo in aghaidh an chnoic. Tógfaidh rothaithe atá ag dul le fána bealach malartach le busanna ón acomhal idir Bóthar Dhúglais agus Bóthar Thobar an Chaipín. Tá sé beartaithe nascacht leis na saoráidí rothaíochta atá ann cheana ar Rae Langford do rothaithe atá ag dul i dtreo na cathrach a sholáthar tríd an tSráid Ard agus trí Bhóthar Thobar an Chaipín. Tá sé beartaithe an tSráid Ard agus Bóthar Thobar an Chaipín a dhúnadh do thréthrácht ag an acomhal le Bóthar Dhúglais. Cruthóidh sé sin timpeallacht ísealmhéid/íseal-luais ar na sráideanna sin, agus ciúinbhealach á sholáthar do rothaithe. Fágfaidh sé freisin go mbeifear in ann beagpháirc thírdhreachaithe uirbeach nua a chruthú sa limistéar.

Tá sé beartaithe lána tráchta amach (i dtreo Chnoc Maryborough) a bhaint de Bhóthar na hOtharlainne agus de Shráid Anglesea araon chun lánaí bus agus rothar a sholáthar sa dá threo. Ceanglaíonn an rotharbhealach leis na saoráidí atá ann cheana feadh Shráid Anglesea, ar saoráidí iad a leanann ar aghaidh go lár na cathrach. Ar Sheanbhóthar an Stáisiúin, tá sé beartaithe dhá lána tráchta ghinearálta a ath-leithdháileadh ar lánaí bus. Cumasóidh sé sin do bhusanna dul ar aghaidh go Seanbhóthar an Stáisiúin agus go Sráid Eglinton, áit a nascann an bealach le Conair Iompair Inbhuanaithe H – An tAerfort go dtí an Chathair.

### Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar Thobar an Chaipín/ an tSráid Ard | Soláthróidh ‘Ciúinsráid’ timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí do choisithe agus do rothaithe.<br>Páirc thírdhreachaithe uirbeach nua a chruthú i láthair a úsáideadh mar bhóthar roimhe seo. |
| An t-acomhal idir an Bóthar Theas agus Rae Langford | An t-acomhal a uasghrádú chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| An t-acomhal idir an tSráid Ard agus Rae Langford | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| An t-acomhal idir Rae na hOtharlainne agus Sráid Anglesea | An t-acomhal a uasghrádú chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| An t-acomhal idir Sráid Anglesea agus Seanbhóthar an Stáisiúin | An t-acomhal a uasghrádú chun tosaíocht bus a sholáthar agus chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |

## 2.3 Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe Éiritheach a Foilsíodh

- Ar Chnoc Maryborough, níl sé beartaithe a thuilleadh lána bus isteach a sholáthar idir Bóthar an Ghleanntáin Ghlais agus na Peadaic. Ina ionad sin, sholáthrófaí tosaíocht bus trí shoilse tráchta a úsáid. Mar thoradh air sin, laghdaíodh na tionchair ar réadmhaoine príobháideacha ar an taobh thuaidh den bhóthar.
- Níl sé beartaithe a thuilleadh lána bus amach a sholáthar ar Bhóthar Dhúglais. Chun tosaíocht bus a sholáthar, tá sé beartaithe geata bus a sholáthar pas beag soir ón mbealach isteach chuig Ospidéal Fhionnbharra. Mar thoradh air sin, laghdaíodh na tionchair ar réadmhaoine ar Bhóthar Dhúglais. Baineadh an geata bus ar Bhóthar Dhúglais i ngar d'Eastát Bellair.
- Tá na geataí bus a fhanfaidh ar Bhóthar Dhúglais le bheith i mbun oibre le linn bhuaic-uaireanta na maidine agus an tráthnóna, agus lena linn sin amháin. Beidh gluaisteánaithe in ann tiomáint suas síos Bóthar Dhúglais mar is gnách lasmuigh de na huaireanta sin.
- Coinníodh naoi spás páirceála ar an tsráid ar Bhóthar Dhúglais i ngar don acomhal le hEastát Bellair.
- Tá trácht dhá threo le coinneáil ar bun ar Bhóthar Dhúglais idir Eastát Bellair agus an droichead thar an Nascbhóthar Theas/an N27.
- Tá trácht dhá threo le coinneáil ar bun ar an mBóthar Theas, agus tá lána bus le baint ón mbóthar sin.
- Tugadh an lána rothar ó dheas isteach an athuair ar an mBóthar Theas.

## 2.4 Eochairfhíricí

| | |
|---|---|
| An neaslíon réadmhaoine a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu | **69** |
| An neaslíon spásanna páirceála ar an tsráid a d'fhéadfaí a bhaint | **117** |
| An neaslíon crann cois bóthair a d'fhéadfaí a bhaint | **52** |
| Neasfhad an bhealaigh: | **4.4km** |
| Neasfhad an rotharbhealaigh:<br>*Isteach - (5.1km)*<br>*Amach - (5.1km)* | **10.2km** |

# 3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar mionsonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bhealaigh Roghnaithe atá beartaithe don Chonair Iompair Inbhuanaithe seo. Cuirfear na tograí seo faoin dara babhta comhairliúcháin phoiblí agus, ag brath ar an aiseolas ón bpobal, faoi bheachtú dearaidh agus measúnacht tionchair timpeallachta ina dhiaidh sin sula ndéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratas reachtúil foirmiúil chuig an mBord Pleanála ar chead.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán tiomnaithe do ghné na gConairí Iompair Inbhuanaithe de thionscadal BusConnects Chorcaí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ag **www.busconnects.ie**
Tá na bróisiúir uile roimhe faoi na bealaí roghnaithe éiritheacha ar fáil ar an suíomh Gréasáin. Is féidir le húsáideoirí an suíomh a rochtain chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na doiciméid thábhachtacha a íoslódáil.

**Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar :**

Líne Shaorghlao thiomnaithe
**1800 303 653**

nó trí ríomhphost a sheoladh chuig
**corkstc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag iarraidh aighneachtaí maidir leis an Rogha Bhealaigh Roghnaithe le haghaidh na Conaire Iompair Inbhuanaithe a leagtar amach sa doiciméad seo. Luaitear ar an suíomh Gréasáin an dáta deiridh ar a nglacfar le haighneachtaí.

**Is féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur isteach ach scríobh chuig na seoltaí seo:**

Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" ar an leathanach Conairí Iompair Inbhuanaithe ar ár suíomh Gréasáin:
**https://consult.nationaltransport.ie**

Post:
**Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe**
**Oifig Chorcaí den Údarás Náisiúnta Iompair,**
**Seomra 427, 1 Cé Uí Argáin, Cearnóg**
**an Éadain le hUisce, Corcaigh, T23 PPT8**

## 3.3 Cad é an chéad chéim eile?

Ag teacht sna sála ar an dara babhta comhairliúcháin phoiblí, tabharfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na Roghanna Bealaigh Roghnaithe don aon chonair déag uile chun críche. Tabharfar dearaí na scéime chun críche i gcomhthráth le measúnacht iompair agus measúnacht timpeallachta a dhéanamh. Is dóigh gurb é an toradh a bheidh air sin ná go n-ullmhófar Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta don scéim mar aon le mionsonraí faoin talamh a gheofar. Cuirfear iad sin faoi bhráid an Bhoird Pleanála le linn 2024-2025 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.



## 3.4 Amlíne Réamh-mheasta an Tionscadail

### 2022

### 2023

### 2023-2026

## IDIRCHAIDREAMH

**Comhairliúchán ar an mBealach Roghnaithe Éiritheach – Ráithe 2/Ráithe 3**

Comhairliúchán ar Thograí an Bhealaigh Roghnaithe Éirithigh.

**Tuilleadh Comhairliúcháin ar an mBealach Roghnaithe – Ráithe 1/ Ráithe 2**

An Dréachtbhealach Roghnaithe a fhoilsiú – Ráithe 1/Ráithe 2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse dhá mhí de chomhairliúchán poiblí.

## PRÓISEAS REACHTÚIL

**An tIarratas Reachtúil a ullmhú**

- An Dearadh Innealtóireachta a
- Bharrfheabhsú Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú
- Riachtanais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2025

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim atá Beartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Breithniúcháin an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
  1. An Scéim atá Beartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim atá Beartaithe a cheadú; agus
  2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a neamhniú.

## 2025-2030

### FÁIL AGUS TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Beidh suas le dhá bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**

# 4. Aguisíní

4.1 Léarscáil Innéacs
4.2 Léarscáileanna Bealaigh

# Léarscáil Innéacs




NOTE: The Emerging Preferred Route shown on the following drawings is indicative only and is subject to change following consultation and as part of the design development process.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
Airport to City Sustainable Transport Corridor H
PROPOSED SCHEME
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
PROPOSED TO MAKE THIS SECTION OF ANGLESEA STREET TWO-WAY FOR GENERAL TRAFFIC
Mahon to City Sustainable Transport Corridor J
PROPOSED SCHEME
ANGLESEA STREET
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
NEW BUS STOP LOCATION
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
OLD BLACK ROCK ROAD
INFIRMARY ROAD
SOUTH TERRACE
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
LANGFORD ROW
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
3.0m FOOTPATH
1.8m CYCLE LANE
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.8m CYCLE LANE
3.0m FOOTPATH



© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
LANGFORD ROW
SOUTHERN ROAD
HIGH STREET
WINDMILL ROAD
DOUGLAS STREET
SUMMER HILL SOUTH
PROPOSED STRAIGHT AHEAD BAN
PROPOSED RIGHT TURN BAN
PROPOSED LEFT TURN BAN
PROPOSED TO MAKE HIGH STREET ONE WAY FOR GENERAL TRAFFIC
JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
PROPOSED SCHEME
Airport to City Sustainable Transport Corridor H
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOTPATH
3.0m GENERAL TRAFFIC
3.0m GENERAL TRAFFIC
1.8m CYCLE LANE
1.8m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
AIRPORT TO CITY SUSTAINABLE TRANSPORT CORRIDOR H
N27 SOUTH LINK ROAD
MARBLE HALL PARK
MARBLE LANE
BALLINLOUGH RD.
SOUTHERN ROAD
NEW BUS STOP LOCATION
HIGH STREET
DOUGLAS RD.
CAPWELL ROAD
PROPOSED TO RESTRICT CAPWELL ROAD AND HIGH STREET TO LOCAL ACCESS ONLY TO CREATE A QUIET ROUTE FOR CYCLISTS
NEW SMALL LANDSCAPED PARK CREATED HERE.
PEDESTRIAN CROSSING MOVED AND UPGRADED TO TOUCAN CROSSING. NEW BUS STOP LOCATION
EXCEPT BUS, TAXIS, CYCLES
PROPOSED BUS GATE. NO OUTBOUND THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES. OPERATIONAL DURING PEAK HOURS ONLY
NEW BUS STOP LOCATION
NEW CAR PARKING AREA
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.8m FOOTPATH
1.5m CYCLE LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
BELLAIR ESTATE
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
DOUGLAS RD.
A TOPOGRAPHICAL SURVEY WILL DETERMINE THE EXACT NUMBER AND LOCATION OF TREES AT THE NEXT DESIGN STAGE
BEECHWOOD PL.
NEW BUS STOP LOCATIONS
POTENTIAL AREA FOR REPLACEMENT PARKING
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
CROSS DOUGLAS RD.
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
3.0m SHARED SURFACE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m SHARED SURFACE


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
A TOPOGRAPHICAL SURVEY WILL DETERMINE THE EXACT NUMBER AND LOCATION OF TREES AT THE NEXT DESIGN STAGE
KNOCKREA PARK
WOOLHARA PARK
DOUGLAS RD.
DOUGLAS RD.
CROSS DOUGLAS RD.
WHITETHORN
BALTIMORE LAWN
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
3.0m 3.0m 3.0m 3.0m
SHARED SURFACE
GENERAL TRAFFIC LANE
GENERAL TRAFFIC LANE
SHARED SURFACE


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
TOUCAN CROSSING
A TOPOGRAPHICAL SURVEY WILL DETERMINE THE EXACT NUMBER AND LOCATION OF TREES AT THE NEXT DESIGN STAGE
TOUCAN CROSSING
DOUGLAS RD.
NEW BUS STOP LOCATIONS
QUIET STREET TREATMENT ON ROSEBANK
ROSEBANK
BALLINCRRIG PARK
RHODAVILLE ESTATE
PROPOSED FILTERED PERMEABILITY MEASURE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BICYCLES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
3.0m
3.0m
3.0m
3.0m
SHARED SURFACE
GENERAL TRAFFIC LANE
GENERAL TRAFFIC LANE
SHARED SURFACE


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
ENDSLEIGH ESTATE
ENDSLEIGH PARK
EGLANTINE PARK
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
DOUGLAS RD.
NEW BUS STOP LOCATIONS
NEW BUS STOP LOCATION
TRAMORE LAWN
BELVEDERE LAWN
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.8m FOOTPATH
1.75m CYCLE LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.75m CYCLE LANE
1.8m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
ENDSLEIGH PARK
WOODVIEW
WOODVIEW
TOUCAN CROSSING
DOUGLAS RD.
EXISTING LEFT
TURNING BAN
RETAINED
BELVEDERE LAWN
CLERMONT AVENUE
REEVES WOOD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
3.0m
SHARED SURFACE
3.0m
GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m
GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m
SHARED SURFACE


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
WELL ROAD
RIVER BANK
N40
DOUGLAS RELIEF ROAD
SOUTH RING ROAD
EAST DOUGLAS ST.
OLD CARRIGALINE RD.
CHURCH STREET
DOUGLAS VILLAGE SHOPPING CENTRE
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
EXCEPT BUS, TAXIS, CYCLES
PROPOSED BUS GATE. NO CITYBOUND THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES. OPERATIONAL AT PEAK HOURS ONLY.
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
PROPOSED LEFT TURN BAN DURING PEAK HOURS
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
EXISTING RIGHT TURN BAN RETAINED
PROPOSED RIGHT TURN BAN
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
EXISTING BUS STOP LOCATIONS TO BE RETAINED
PROPOSED RIGHT TURN BAN
PROPOSED LEFT TURN BAN
ZEBRA CROSSING
PROPOSED BUS GATE. NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
PROPOSED BUS GATE
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
PROPOSED SCHEME
Kinsale Road to Douglas Sustainable Transport Corridor K
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOTPATH
1.5m CYCLE LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE LANE
1.5m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
DOUGLAS RELIEF ROAD
ROCHESTOWN RD.
EXCEPT BUS. TAXIS. CYCLES
PROPOSED LEFT TURN BAN
FINGERPOST ROUNDABOUT CONVERTED TO SIGNALISED JUNCTION TO PROVIDE BUS PRIORITY AND PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY FOR BUSES EMERGING ONTO DOUGLAS RELIEF ROAD
NEW BUS STOP LOCATIONS
ZEBRA CROSSING
ZEBRA CROSSING
NEW BUS STOP LOCATIONS
EAST DOUGLAS ST.
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
OLD CARRIGALINE RD
CARRIGALINE ROAD MADE TWO WAY FOR LOCAL ACCESS TRAFFIC
EXCEPT BUS. TAXIS. CYCLES
PROPOSED BUS GATE
PROPOSED BUS GATE. NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
CARRIGALINE ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.4m PARKING BAYS
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
MARYBOROUGH AVENUE
LIME TREES ROAD
TOUCAN CROSSING
MARYBOROUGH HILL
MARYBOROUGH HILL
TIROL AVE
MARYBOROUGH DOWNS
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
THE PADDOCKS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE LANE
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
MARYBOROUGH AVE
MARYBOROUGH HILL
GREENDALE ROAD
JUNCTION TO BE UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY AND ENHANCED PEDESTRIAN AND CYCLIST FACILITIES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE LANE
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
ELDEN
TOUCAN CROSSING
MARYBOROUGH HILL
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE LANE
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
ZEBRA CROSSING UPGRADED TO TOUCAN CROSSING
LISSADELL
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
MARYBOROUGH HILL
FAIRWAYS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.8m FOOT-PATH
1.5m CYCLE LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE LANE
1.8m FOOT-PATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
FAIRWAYS
N28
MARYBOROUGH HILL
EDGEWOOD
ONGOING CONSULTATION WITH CORK CO. CO. REGARDING DESIGN OF A NEW BRIDGE OVER THE N28
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE LANE
1.8m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
THE VIEW
MARYBOROUGH HILL
TOUCAN CROSSING
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION TO BE RETAINED
MARYBOROUGH RIDGE
MARYBOROUGH RIDGE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE LANE
1.8m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
Tie in to Existing
Maryborough to City Sustainable Transport Corridor I
PROPOSED BUS GATE. NO CITYBOUND THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND CYCLES. OPERATIONAL AT PEAK HOURS ONLY.
PROPOSED RIGHT TURN BAN
PROPOSED BUS GATE. NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND CYCLES
PROPOSED BUS GATE. NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND CYCLES
FINGERPOST ROUNDABOUT CONVERTED TO SIGNALISED JUNCTION TO PROVIDE BUS PRIORITY AND PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
Maryborough to City Sustainable Transport Corridor I
Tie in to Existing
Maryborough to City Sustainable Transport Corridor I
Kinsale Road to Douglas Sustainable Transport Corridor K
CARRIGALINE ROAD MADE TWO WAY FOR LOCAL ACCESS TRAFFIC
Maryborough to City Sustainable Transport Corridor I
Tie in to Existing
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

National Transport Authority
Harcourt Lane,
Dun Sceine,
Dublin 2,
D02 WT20.

NTA - Cork Office
Suite 427
1 Horgan's Quay, Waterfront Square,
Cork
T23 PPT8

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éirean
Project Ireland
2040